An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# FÓGRA MAIDIR LE CINNEADH

De réir alt 21A den Acht Imeall Trágha, 1933, arna leasú, déanann Aire Stáit na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar a bhfuil freagracht ar leith i ndáil le Pleanáil agus Rialtas Áitiúil ("an tAire") fógra a thabhairt leis seo go bhfuil cinneadh déanta aige maidir le hiarratas, dar dáta an 3 Meitheamh 2021, ar cheadúnas faoi Alt 3(1) den Acht Imeall Trágha, 1933 (arna leasú), ar ceadúnas é a ndearna Fairce ehf. Limited ("an tIarratasóir") i leith bealach Snáthoptaice Fomhuirí, a thagann i dtír ag Trá Bhaile an Locháin, an Rinn Mhór, Gaillimh, a shuiteáil thar Chuan na Gaillimhe.

## AN CINNEADH

Chinn an tAire, de bhun fhorálacha an Achta Imeall Trágha, 1933 (arna leasú), Ceadúnas Imeall Trá a dheonú don Iarratasóir i leith na forbartha a thuairiscítear san iarratas, ach sin faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Cheadúnas Imeall Trá agus tá a shéala curtha aige leis an gceadúnas sin.

## NA PRÍOMHCHÚISEANNA LEIS AN gCINNEADH AGUS NA NITHE A nDEARNADH BREITHNIÚ ORTHÚ

Thug an tAire aird ar na nithe seo a leanas le linn cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar Cheadúnas Imeall Trá:

- an t-iarratas ar Cheadúnas Imeall Trá, mar aon leis na doiciméid a bhí ag gabháil leis an iarratas;

- na haighneachtaí a fuarthas ó chomhlachtaí forordaithe agus freagraí an iarratasóra ar na haighneachtaí sin;

- na haighneachtaí a fuarthas le linn na gcomhairliúchán poiblí agus freagraí an iarratasóra ar na haighneachtaí sin;

- na coinníollacha maidir le toiliú, ar coinníollacha iad atá le cur ag gabháil leis an gCeadúnas Imeall Trá;

- cineál agus cuspóir an togra;

- na tuarascálacha maidir le Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus maidir le Measúnacht Chuí Chéim 2 i leith na forbartha beartaithe arna n-ullmhú ag Sainchomhairleoir Comhshaoil Neamhspleách na Roinne agus arna nglacadh ag an Aire, faoin dlí intíre agus faoi dhlí AE, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga agus na conclúidí agus na moltaí i dtaca leis sin de;

- na Cinntí Comhshaoil (Scagadh MC Chéim 1 agus Scagadh MC Chéim 2) i leith measúnacht chuí ar fhorbairtí beartaithe arna síniú/gcinneadh ag an Aire;

- an mheasúnacht ar an bhforbairt bheartaithe arna déanamh ag MLVC, agus conclúidí agus moltaí an MLVC i dtaca leis sin de;

- an chomhairle ó Rannóg Imeall Trá na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tar éis aird a thabhairt ar an méid sin roimhe seo, agus go háirithe ag féachaint do na coinníollacha a ghabhann leis an toiliú maidir le hImeall Trá, agus tar éis comhaontú leis an moladh ón MLVC, is deimhin leis an Aire (i) nach n-imreodh an fhorbairt bheartaithe ar an imeall trá tionchair shuntasacha ar shláinte ná ar shábháilteacht daoine, (ii) nach n-imreodh an fhorbairt bheartaithe ar an imeall trá aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol muirí ná ar Láithreáin Eorpacha atá tadhlach léi, agus (iii) go bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail an toiliú maidir le hImeall Trá a dheonú ag féachaint do chineál an togra.

Tá an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag:

https://www.gov.ie/en/foreshore-notice/80172-iris-fibre-optic-cable-system-co-galway/

(i) Fógra maidir leis an gCinneadh;
(ii) Ceadú an Aire chun an Ceadúnas Imeall Trá a dheonú;
(iii) An Ceadúnas Imeall Trá arna fhorghníomhú idir na páirtithe, lena n-áirítear coinníollacha a ghabhann leis an gcinneadh (ar cuid den Cheadúnas Imeall Trá iad);
(iv) Scagadh maidir le haghaidh Measúnacht Chuí, arna ghlacadh ag an Aire;
(v) Measúnacht Rioscaí maidir le Speicis Iarscríbhinn IV;
(vi) Tuarascáil an MLVC agus Aguisín a ghabhann léi;
(vii) Faisnéis faoin bpróiseas rannpháirtíochta poiblí, lena n-áirítear cóipeanna de na haighneachtaí go léir a fuarthas agus de fhreagraí an iarratasóra ar na haighneachtaí sin;
(viii) Aighneachtaí a rinne comhlachtaí forordaithe agus freagraí an iarratasóra ar na haighneachtaí sin;
(ix) An tIarratas ar Cheadúnas Imeall Trá mar aon le hábhair thacaíochta;
(x) Cinneadh an Aire maidir le Measúnacht Chuí.

Ina theannta sin, is féidir an t-ábhar sin a iniúchadh, saor ó tháille, ag an oifig seo a leanas de chuid na Roinne:

An Rannóg Imeall Trá
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Newtown Road

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Loch Garman

Teil: 1890 20 20 21
Ríomhphost: foreshore@housing.gov.ie

AN PRÓISEAS MAIDIR LE hATHBHREITHNIÚ

Tá nós imeachta athbhreithnithe ar fáil os comhair na hArd-Chúirte agus, tríd an nós imeachta sin, is féidir cur i gcoinne dlíthiúlacht shubstaintiúil chinneadh an Aire nó i gcoinne dhlíthiúlacht an chinnidh sin i dtaca le nós imeachta de. Rialaítear an nós imeachta athbhreithnithe le hOrdú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986 (I.R. 15 de 1986), arna leasú le I.R. 691 de 2011). Sa chéad ásc, ní mór do dhuine ar mian leis nó léi leas a bhaint as an nós imeachta athbhreithnithe (i) ráiteas foras agus (ii) mionnscríbhinn fíoraithe a chomhdú i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte. Ina dhiaidh sin, is gá iarratas *ex parte* ar chead a dhéanamh chuig breitheamh den Ard-Chúirt.

Maidir le cead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, is ceart an t-iarratas sin a dhéanamh go pras agus, in aon chás, laistigh de thrí mhí ón dáta a tháinig forais an iarratais chun cinn, mura rud é go measann an Chúirt, i measc nithe eile, go bhfuil cúis mhaith leordhóthanach ann chun fadú a dhéanamh ar an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar an t-iarratas. Tosaíonn an teorainn ama le haghaidh athbhreithniú den sórt sin ar Dháta Foilsithe an Fhógra seo maidir le Cinneadh. Is féidir faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a fháil ar láithreán gréasáin na Faisnéise do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie

Tá feidhm ag Alt 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), *inter alia*, le hImeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. Déileáiltear le nithe a bhaineann le costais faoi Fho-Ailt (2), (2A), (3) & (4). D'ainneoin aon ní atá in Ordú 99 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. 15 de 1986), agus faoi réir fho-ailt (2A), (3) & (4), déanfaidh gach páirtí ar leith (lena n-áirítear aon fhógra-pháirtí) lena mbaineann an t-alt sin a chostais nó a costais féin. Tá téacs iomlán Alt 50B ar fáil ag:

http://www.irishstatutebook.ie/2010/en/act/pub/0030/sec0033.html#sec33 agus
http://www.irishstatutebook.ie/2011/en/act/pub/0020/sec0021.html#sec21

AN ROINN TITHÍOCHTA, RIALTAIS ÁITIÚIL AGUS OIDHREACHTA
8 Meitheamh 2022